

**Eispéireas Foghlama Gairmiúil de chuid SSM do Cheannairí Scoile Fómhar 2018**

**Tuairiscí leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach (Ceardlann 2/2)**

Leanann an ceardlann seo ar aghaidh ón gceardlann an-rathúil a bhí againn do cheannairí scoile in Earrach 2018. Direofar aird don athuair ar Threoirlínte an CNCM ar thuairiscí a foilsíodh i mí Mhárta 2018.

**"Is é an Tuairiscí an chuid den phróiseas measúnaithe ina dtugtar aiseolas chun tacú le foghlaim scoláirí"**

*1.6 Tuairiscí leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach*

**Tá an ceardlann deartha go sonrach do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a bhíonn ag stiúradh phróiseas leasú na sraithe sóisearaí ina gcuid scoileanna**

**Déanfaidh rannpháirtithe iniúchadh ar:**

- aiseolas éifeachtach chun tacú leis an bhfoghlaim
- an tábacht atá le machnamh scoláire mar chuid den phróiseas foghlama
- breithiúnas gairmiúil múinteoirí
- na naisc atá idir folláine scoláirí agus an measúnú
- mar a thosaigh scoileanna ar athruithe a chur i bhfeidhm ina gcuid cleachtais tuairiscithe
- phleanáil i leith chur i bhfeidhm na dTreoirlínte Tuairiscithe
- phleanáil straitéiseach i gcomhair chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí

**Tá 45 ceardlann á reáchtáil ag JCT ar fud na tíre idir 6 Samhain agus 5 Nollaig 2018**

Clárigh anois ar [www.jctregistration.ie](http://www.jctregistration.ie)

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
JuniorCYCLE for teachers  
www.jct.ie  
info@jct.ie  
@JCTforTeachers

**DÁTA DON DIALANN**

"Tá lúcháir orainn a bheith ag fógairt an chomhoibrithe nua atá againn le "Yeats Society Sligo". Beidh muid ag óstáil i gcuideachta a chéile seimíneár gréasáin dar teideal "Ón gClapsholas go dtí an Spotsolas" ar 20 Samhain 2018 ó 7:00pm go 8:00pm. Is féidir clárú lena haghaidh sin ag [bit.ly/JCTYeats2018](http://bit.ly/JCTYeats2018). Ceapadh é chun bealaí úrnu agus uathúla a mholadh le cuid filíochta Yeats a leabú i seomra Béarla na Sraithe Sóisearaí.

Beidh muid ár dtumadh féin i saol de Gheata ó thaobh cúrsaí teaghlaigh, áite, miotas agus finscéalta, fuaimeanna agus ceoil chun ár scríbhneoirí óga a spreagadh le téacsanna cruthaitheacha agus nuálacha dá gcuid féin a chumadh.

**Yeats - From Twilight to Limelight.**  
Webinar 20<sup>th</sup> November 7pm - 8pm  
Register at [bit.ly/JCTYeats2018](http://bit.ly/JCTYeats2018)

# BÉARLA

Cúis lúcháire dúinn in Béarla SSM a bheith ag leanúint orainn inár gcomhpháirtíocht le Creative Ireland Programme (2017-2022), chun sraith de cheardlanna forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a chur i láthair chun tacú le rannpháirtíocht i gcúrsaí ealaíon agus léinn sa tSraith Shóisearach. Beidh muid ag leanúint i mbliana lenár gcuid oibre lenár gcomhpháirtithe in Amharclann na Mainistreach agus in Amharclann Óige Éireann chun ár gcuid ceardlanna an-taitneamhacha a thairiscint 'Caint Shakespeare' agus 'Criticeoirí Óga' do mhúinteoirí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Maigh Eo.



De bharr ár gcomhpháirtíochta nua le hÉigse Éireann i mbliana d'éirigh linn ceardlann scríbhneoireachta a fhorbairt 'An Splanc a Adhaint' agus táimid ag súil go mór lena thabhairt do mhúinteoirí.



Is iad Kevin Mc Dermott, údar an tsothair 'In Pieces' agus 'Mary's Shadow', agus Terry McDonagh, drámadóir agus file - 'Echolocation' agus 'Boxes', a bheidh ag éascú na ceardlaine ina ndíreofar ar scríbhneoireacht mar phróiseas i bhfoirm filíochta agus phróis araon. Beidh an deis ag múinteoirí scoileanna a fhorbairt chun cabhrú le scoláirí trí phróiseas tosaigh na scríbhneoireachta, píosa a fhorbairt, a chur in eagar, a athdhréachtú, a bheachtú agus a shnasú le haghaidh a fhoilsithe.

## Cnuaslá Béarla 2018/19

Táimid ag dréim le tacaíocht leanúnach a thabhairt do mhúinteoirí Béarla ar fud na tíre i mbliana. Tá ár lá bunaithe againn ar aiseolas a bailíodh ónár gcomhráite le múinteoirí Béarla, aighneachtaí a fuarthas trí SSM agus tuairimí múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara a ghabh an CNCM. Direofar le linn an lae ar ár dtuiscint ar 'Théacs' agus déanfar iniúchadh ar an gcaoi is féidir linn cabhrú lenár scoláirí brí a bhaint as réimse an-leathan téacsanna agus freagairt dóibh.

## Tuairisc ar an athbhreithniú ar Luathachtú Bhéarla na Sraithe Sóisearaí

Tá athbhreithniú eatramhach déanta ag CNCM idir Meán Fómhair 2017 agus Feabhra 2018. Is é aidhm na tuairisc seo aiseolas a ghabháil ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara ar achtú luath Shonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2015). Bailíodh eolas don athbhreithniú seo trí ócáidí comhairliúcháin, cuairteanna scoile agus aighneachtaí scríofa.

Tá 'Tuairisc an athbhreithnithe ar luathachtú Bhéarla na Sraithe Sóisearaí' le fáil ar rannán na Sraithe Sóisearaí de shuíomh gréasáin an CNCM, <https://www.ncca.ie>

## Fáilte



Dr. Pádraig Kirk

Tá lúcháir orm a bheith ag cur faoi do bhráid an 12ú heagrán againn de JCT Today, ráitheachán an SSM. Amhail eagrán roimhe seo, tá an ceann seo lomlán leis an eolas is déanaí agus le faisnéis maidir leis an obair a dhéanaimid le ceannairí scoile agus le múinteoirí. Molaim do gach duine í a léamh.

Bliain chinníunach a bhí sa scoilbhliain 2018/2019 do leasú na sraithe sóisearaí agus do SSM. Faoi dheireadh na bliana seo beidh gach sonraíocht nua ábhair foilsithe, agus tá ár gcuid foirne ábhair uile in áit agus faoi réir ag an tseirbhís s'againn cheana. Ar na foirne is úire againn, áirítear foireann na dTeicneolaíochtaí, agus ár gcuid foirne don Oideachas Reiligiúnach agus don Léann Clasaiceach. Rinne muid ár bhfoireann reatha Tacaíochta don Scoil Uile agus don FGL a neartú i mbliana le baill foirne lánaimseartha bhreise, mar aon lenár bhfoirne don Cheannaireacht Scoile agus do CFL1/L2.

Is ar bhonn leanúnach i rith na bliana ar fad a bhíonn ár gcuid laethanta FGL don Scoil Uile agus do CFL1/L2. D'fhreastail breis is 10,000 múinteoir cheana, i rith Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair, ar ár gcuid athcheardlanna FGL 2017/2018 sainiúil don ábhar. Beidh an chéad cheann dár gcuid ceardlanna FGL do 2018/2019 dírithe ar cheannairí scoile an mhí seo, agus beidh rabharta iomlán úrnu ceardlanna FGL sainiúil don ábhar ag tosú an mhí seo freisin i bhfoirm ár gcnuasimeachtaí scoile. Tá corradh agus 32,000 múinteoir cláráithe chun freastal ar na ceardlanna seo. Cuirfead freisin i mbliana leis na deiseanna FGL roghnach a chuirimid ar fáil agus leis an soláthar ar líne againn.

Beidh sí seo ina bliain ghnóthach ag SSM. Tá mé muiníneach go mbeidh ról an-tábhachtach i dtólamh lenár réimse tacaí do scoileanna, iad uile ar cháilíocht dhearbhairthe de réir na gcaighdeán is airde, agus muid ag cabhrú le scoileanna leasú na sraithe sóisearaí a leabú chomh héifeachtach agus is féidir ina gcomhthéacsanna faoi seach. Cuirimid an-fháilte, mar is gnách, roimh aiseolas fiúntach faoinár gcuid oibre, mar sin ná bíodh leisce ort r-phost a sheoladh chugainn ar [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)

An Dr. Pádraig Kirk

## TACAÍ DON SCOIL UILE

Tá seachtar déag ball lánaimseartha ar an bhfoireann againn don Scoil Uile, 8 gCeannairí Foirne agus 9 gComhairleoirí. Go bunúsach, beidh dhá lá FGL á dtabhairt againn i mbliana, a mbeifear ag díriú orthu mar eispéireas foghlama gairmiúil do mhúinteoirí.

- Folláine sa tSraith Shóisearach
- Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairiscí

Tá ár lá FGL don Fholláine á thabhairt láithreach do gach Iar-Bhunscoil Dheonach agus do mhórchuid na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha, agus ina dhiaidh sin tosódh muid ar ár lá FGL don Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairiscí a sheachadadh i scoileanna na mBord Oideachais agus Leabharlainne faoi dheireadh 2018. Thug an Fhoireann don Scoil Uile cuairt ar chorradh le 200 scoil ó thús na bliana acadúla seo.

Iarrtar ar mhúinteoirí ar an dá lá breithiúnais chriticiúla a dhéanamh faoi théamaí na gceardlanna i gcomhthéacs ar leith a scoile féin. Tá gné chomhoibrithe ar dtacaíochta don scoil uile cosúil le Réimse 4 de Ag Breathnú ar an Scoil Againne (2016), a dhíríonn ar chleachtas coiteann / comhoibriú múinteoirí. Cabhraíonn an cur chuige seo le múinteoirí a aithint nach freagracht aon mhúinteora amháin é an scoláire i roinn ábhair, ach freagracht na múinteoirí uile sa roinn sin agus leoga sa scoil ar fad. Cuireann sé sin ar chumas múinteoirí a bheith 'ag obair le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus ina dhiaidh.'

Beidh soláthar an FGL trasna na n-ocht réigiúin curtha i gcrích faoi Mhárta 2019. Leanfaidh Ceannairí agus Comhairleoirí don Scoil Uile orthu ansin a thabhairt cuairteanna comhairleacha ar scoileanna (ar iarratas) chun athbhreithniú a dhéanamh ar FGL a tugadh agus chun breathnú chun cinn ar 2019/2020.




## TEICNEOLAÍOCHTAÍ


Cor cinniúnach i an scoilbhliain seo -2018/2019- i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach agus an tsraith dheireanach de shonraíochtaí ábhar (ábhair i gcéim 5) á bhfoilsíú. I measc na sonraíochtaí ábhar sin gheofar an tSraith d'ábhair Theicneolaíochta (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid). Beidh an hábhair sin ar fáil do lucht na chéad bhliana ó Mheán Fómhair 2019. Gheobhaidh múinteoirí na n-ábhar sin a gcéad sraith d'Eispéirís Foghlama Ghairmiúla (EFGna) sa bhliain acadúil reatha i gcomhthéacs an tsoláthair FGL sainiúil don ábhar a chleachtann an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) i scoileanna tríd an tsamhail chnuasach-bhunaithe.

D'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí na dTeicneolaíochtaí chun na sonraíochtaí nua ábhar a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga agus ina gceardlanna tá Foireann nua Teicneolaíochtaí JCT4 bunaithe ag SSM. Tá ceann foirne i gceannas ar an bhfoireann sin, agus tá 14 comhairleoirí ar iasacht ar bhonn lánaimseartha uirthi freisin, i dteannta 20 múinteoir comhlach páirtaimseartha. Tá an fhoireann seo ar theann a ndíochill faoi láthair ag cur le chéile gníomhaíochtaí FGL a mbeidh múinteoirí ag tabhairt fúthu le linn na n-imeachtaí FGL chnuasach-bhunaithe, sainiúil don ábhar atá ag teacht i scoileanna gan mhoill agus a thosódh ar fud na tíre ar 12 Samhain 2018.

Dá mba mhian leat fanacht ar an eolas le sonraí i dtaca leis na Teicneolaíochtaí is féidir ár bhfoireann Teicneolaíochtaí a leanúint ar Twitter ag [@jct4ed](https://twitter.com/jct4ed) Gheofar eolas breise freisin ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie) in am trátha.







Is féidir le scoláirí na Sraithe Sóisearaí anois páirt a ghlacadh i gCláir Foghlama ag Leibhéal 1 agus ag Leibhéal 2 mar is cuí.

Lainseáil an CNCM Clár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) i mí Bhealtaine 2018. Gach seans go mbeidh scoláirí atá ag dul de CFL1anna ag céim luath ina bhforbairt chognaíoch. Is trí chomhairliúchán idir tuismitheoirí / caomhnóirí, scoileanna agus gairmithe eile a bhíonn ag obair leis an scoláire a shocrófar oiriúnacht CFL1 do scoláire áirithe ar bith. Is féidir go n-aithneoidh síceolaí oideachais nó cliniciúil freisin míchumas foghlama a bheith ag scoláirí áirithe a thagann faoin réimse íseal meánach go dtí dian agus trom.

Reáchtáil muid ár gcéad **seimineár gréasáin in 2018/2019 ar 7 Samhain ag 7.00pm**. Tosóidh an FGL i scoileanna i mí Eanáir.

Tá na Treoirínte, na Sonraíochtaí do Ghearrchúrsaí agus an bhileog eolais do Chlár Foghlama Leibhéal 1 le fáil chun íoslódáil ag [https://www.jct.ie/11lp/key\\_documents](https://www.jct.ie/11lp/key_documents)

Leanann an Fhoireann CFL1 / CFL2nna orthu ag tacú le scoileanna speisialta agus le hiar-bhunscoileanna príomhshrutha araon i dtaca le **Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna)**.

Is féidir le scoileanna dul i dteagmháil leis an bhfoireann tríd an ríomhphost [sarah.nally@jct.ie](mailto:sarah.nally@jct.ie) nó [specialschoolsupport@jct.ie](mailto:specialschoolsupport@jct.ie)



# Amharc-ealaín

Is bliain iontach í ag múinteoirí Amharc-ealaíne atá ag pleanáil i gcomhar lena gcuid scoláirí tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 i mí Eanáir agus táimid ag dréim le tacaíocht a thabhairt dóibh ar an turas seo inár gceardlanna cnuasaigh FGL atá ag teacht anois.

Bhí lúcháir ar an bhfoireann Amharc-ealaíne gur chas muid ar na mallabha le níos mó ná 150 múinteoir ag comhdháil náisiúnta Chumann Múinteoirí Ealaíne na hÉireann chomh maith le bualadh leo ag na ceardlanna Amharc-ealaíne do mhúinteoirí an dara hábhar i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2018.

Beidh muid ag leanúint lenár sraith de sheimineáir Ghréasáin i mbliana arís mar chuid dár gclár tacaíochta do mhúinteoirí.

Ta dhá sheimineár Ghréasáin pleanáilte againn atá ag teacht gan mhoill. Beidh an chéad cheann dar teideal 'Treoir maidir le

Measúnú Rangbhunaithe 1' á chraoladh sna seachtainí beaga romhainn agus tá ceann eile le dul ar an aer mí Mhárta seo chugainn 2019.



Múinteoirí Amharc-ealaíne & Déantóirí Dearaí ag plé féidearthachtaí & deiseanna don phleanáil chomhoibriú.

## Cumarsáid a Dhéanamh le Tuismitheoirí

Chun tacú le scoileanna na hathruithe atá ag teacht ar an tSraith Shóisearach a chur in iúl do thuismitheoirí, ta dhá láithreoireacht cruthaithe ag SSM atá le fáil ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie). Ta dhá rannóg dhifriúla sna cuir i láthair seo.

Scrúdaítear an réasúnaíocht taobh thiar den athrú i gCuid 1 agus fiosraítear gnéithe ar nós ábhar, gearrchúrsaí, CFL2nna, Réimsí Foghlama Eile agus folláine scoláirí.

Fiosraítear i gCuid 2 na hathruithe a tháinig ar mheasúnú agus ar thuairiscíú agus breathnaítear go grinn ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Is féidir na láithreoireachtaí sin a íoslódáil agus a chur in oiriúint le freastal ar chomhthéacs agus ar lucht féachana, Is féidir le scoil codanna difriúla den chur i láthair a thaispeáint do thuismitheoirí bliainghrúpaí difriúla.

## EOLAÍOCHT

In 2017/18, thug scoláirí Eolaíochta an 2ú bliain faoina gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe: An tImscrúdú Turgnamhach Sínte. D'oibrigh scoláirí mar a bheadh eolaithe ann chun tabhairt faoi imscrúduithe údaracha, torthaí a chur in iúl agus eolas agus tuiscint a thaispeáint ar fheiniméin a bhain le heolaíocht. Ón aiseolas a tháinig ó scoláirí, nuair a mhachnaigh siad ar an bpróiseas, dhearbhaigh siad gur eispéreas foghlama saibhir agus taitneamhach a bhí ann. Labhair múinteoirí ar an éagsúlacht agus ar an réimse imscrúduithe a thug scoláirí chuig an seomra ranga agus ar an bhfoghlaim ghairmiúil a rinne siad féin trí bheith ag plé leis na Gnéithe Cailíochta le linn an phróisis AFMÁ.

Is é fós an fócas in FGL roghnach go ndéantar torthaí foghlama a iniúchadh nó is ann is féidir féidearthachtaí Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí a thaiscéaladh ó bhun an aigéin go dtí an réaltra béal dorais. Bhí lúcháir ar Eolaíocht SSM tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí Eolaíochta ag comhdhála náisiúnta éagsúla le cupla mí anuas lena n-áirítear Frontiers of Physics, Chem-Ed Ireland agus an chéad chomhdháil "An Domhan agus an Spás a Theagasc sa tSraith Shóisearach" a tionóladh ag Réadlann Chaisleán Bhiarra. Buíochas mór do na múinteoirí Eolaíochta uile a ghlac an t-am chun obair a dhéanamh dúinn ag na hócáidí seo.

Táimid ag dréim le casadh ar mhúinteoirí Eolaíochta ag an gcéad lá FGL eile a bheidh againn ina leanfaidh muid orainn a sholáthar deiseanna agus a chruthú eispéreas do mhúinteoirí chun a bheith ag obair i gcomhar le chéile agus ag teacht ar thuiscint chomónta ar ról an mheasúnaithe agus Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí á foghlaim. Tá páipéar samplach de chuid CSS den Scrúdú Deiridh don tSraith Shóisearach ar fáil anois le híoslódáil ó [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)



Tá bród ar SSM fáilte a chur roimh ár bpáirtneirí úra, agus fáilte ar ais a chur roimh na seanpháirtneirí i gcomhar thairiscint FGL ETI(E)M na bliana seo. Is iad ár gcomhpháirtithe do ETI(E)M sa tSraith Shóisearach 2018/19:

- ♦ AMBER, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- ♦ Eispéreas Biteic Amgen
- ♦ APC Microbiome, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- ♦ Lárionad Athfhionnachtana, Baile Munna
- ♦ BIAZA (Cumann Zúna agus Uisceadán na Breataine agus na hÉireann)
- ♦ Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath
- ♦ Gairis Mhíochaine Cúram, OnaÉ Gaillimh
- ♦ World Wise Global Schools
- ♦ Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann
- ♦ SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)
- ♦ SFI/ESERO (Fondúireacht Eolaíochta Éireann; an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil)

Gan aon amhras is áit eile ar fad a bheidh in Éirinn sa bhliain 2050 agus is é sin an téama uileghabhálach atá ag ETI(E)M sa tSraith Shóisearach (2018-2019).

## Nuatheangacha Iasachta

Ba bhliain an-tairbheach agus an-ghnóthach í anuraidh ag ár bhfoireann NTI SSM. Fuair múinteoirí deis ar an lá FGL chun dul i ngleic le Sonraíocht na Nuatheangacha Iasachta, tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar thorthaí foghlama agus ar an gcur chuige déach i leith an mheasúnaithe. Fáiltímid i mbliana roimh bheir Chomhairleoirí úra, Salvo Cacciato agus Lisa Fitzsimons, ar fhoireann NTI.

Tá foireann NTI ag fáil faoi réir faoi láthair chun lá FGL nua a thairiscint go luath i mí na Samhna i mbliana. Cabhróidh sé seo níos mó le múinteoirí NTI agus iad ag pleanáil agus ag ullmhú i gcomhair Measúnuithe Rangbhunaithe agus an phróisis Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Bhí foireann NTI SSM go cruógach ag freastal ar chomhdhála: MFL Alive 2018 in Ollscoil Mhá Nuad, comhdhála Chumann Múinteoirí Fraincise, Chumann Múinteoirí Iodáilise, agus Chumann Múinteoirí Gearmáinise na hÉireann, chomh maith le Gaeloideachas. Rinneadh ionadaíocht thar ceann na foirne freisin ag ceardlann Lárionad Eorpach um Nuatheangacha "I dTreo Chomhchreag Tagartha na hEorpa um Mhúinteoirí Teangacha" a bhuíochas do Cheannaire na Foirne, Clíodhna McManamon, i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo.

Faoi láthair, tá foireann NTI SSM ag comhoibriú chun ráitis ábhair a dhréachtú do scoláirí TSCS in NTI. Lena chois sin, tá acmhainní breise á chruthú, ina measc seimineár gréasáin ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 Cumarsáid ó Bhéal. Coinnigh súil ar an suíomh gréasáin [www.jct.ie](http://www.jct.ie) le haghaidh tuilleadh sonraí!

Tá ríméad orainn a bheith ag tabhairt an eolais is déanaí chugaibh maidir le ETI(E)M in FGL roghnach na Sraithe Sóisearaí do 2019. Is tionscnamh FGL roghnach é ETI(E)M sa tSraith Shóisearach a sholáthraítear ar fud na tíre ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí i gcomhpháirtíocht le roinnt páirtneirí oideachais for-rochtana i réimsí ETIM agus na hEalaíne. Thosaigh an tionscnamh seo in 2017/18 agus FGL roghnach á thairiscint do mhúinteoirí Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí ar fud na tíre. I mbliana, táimid ag cur cuireadh ar gach múinteoir sa tSraith Shóisearach a bhfuil suim acu in oideachas ETI(E)M chun freastal ar an ócáid. Beidh speis ar leith ag múinteoirí Eolaíochta, Matamaitice, Tíreolaíochta agus Eacnamaíocht Bhaile i gclár FGL ETI(E)M 2019.

Bíonn ETI(E)M sa tSraith Shóisearach ag iarraidh eispéiris shuibhre FGL a sholáthar do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí agus ag cur dá réir leis na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta is airde; éascóidh an soláthar seo freagraí idirdhisciplíneacha ar athruithe sochaíocha i gcomhthéacsanna traschuraclaim atá sainiúil don ábhar.

Faoin téama ginearálta sin, cuirimid faoi bhuir mbráid arís ceithre imeacht saincheaptha FGL de chuid ETI(E)M. Trí chlár ETI(E)M, amharcaidh muid chun cinn ar Éirinn 2050 i gcomhthéacs

- ♦ AIGÉIN
- ♦ CÓRAIS
- ♦ NITHE INCHAITE
- ♦ DAONNAITHE



Áine Woods - ETI(E)M sa tSraith Shóisearach - ag leagan béim ar an tábhacht a bhíonn ag naisc agus ag comhoibriú maidir le tionchar sa seomra ranga.

Ofrálfar na laethanta roghnach FGL seo de chuid ETI(E)M ar fud na tíre ó na Sathairn i mí Eanáir go mí Aibreáin 2019. Cuirfear sonraí faoi na ceardlanna, lena n-áirítear dátaí agus ionaid, ar aghaidh chuig scoileanna agus fógrófar iad ar líne sna seachtainí amach romhainn - ó tharla teorainn a bheith leis na háiteanna, bí cinnte go gcláróidh tú go sciobtha.



An Dr. Harold Hislop, Príomhchigire Scoileanna, ag comhroinnt a mhachnaimh ar Leasú na Sraithe Sóisearaí ag an seisiún smaointeoireachta agus oiliúna a reáchtáil muid i Sligeach ag sos lárthearma Dheireadh Fómhair.

Lean muid ar twitter @JCFforTeachers - Faoi láthair tá os cionn 13,000 leantóirí againn agus tá a líon ag fás.

